

## **‘Imircigh ar an Aistear Ollmhór ó na Balcáin go dtí an Eoraip’ - Associated Press**

Leanann na himircigh seo ó Iarthar na hAfraice an t-iarann leis an dóchas go mbeidh saol níos fearr acu amach anseo. Is turas mídhleathach é ina mbíonn dainseáir i ngach uile áit. Ní amháin ag iarraidh na traenacha a sheachaint ach ag éalú as amharc na bpóilíní chomh maith. Tá siad ag dul sa seans ag lorg poist in Iarthar na hEorpa chun tús nua a bheith acu arís.

‘An chuid is mó dinn, is as an Afraic muid agus tá a lán fadhbanna againn ar ár n-ilchríoch. Droch-eacnamaíocht, drochpholaitíocht, droch-obair... mar sin, is féidir leat céim a bhaint amach agus fós ní bhfaighidh tú post.

Tá Fidel Castro Chimana – ba chumannaithe díocasacha iad a thuismitheoirí sa Chongó – ar dhuine de na 43 fear, bean agus páiste atá ag íoc 500 dollar chun an bealach ar a dtugtar bealach na mBalcán Thiar a thógáil go dtí an Eoraip.

Braitheann an-chuid acu nach bhfuil aon dul as acu. Coimeádann Hilarion Charlemagne, ón gCósta Eabhair, na cártaí SIM a cheannaigh sé i ngach tír as a ndearna sé iarracht an Eoraip a bhaint amach.

‘Tá a fhios againn go bhfuil sé mídhleathach nuair a théimid trasna na teorann; tuigimid é sin. Nuair a thagann tú isteach faoi cheilt i dtír, braitheann tú go bhfuil tú gur coirpeach tú. Is mothúchán é nach féidir cur síos a dhéanamh air.’

Tosaíonn siad amach i gcaladh Thessaloniki sa Ghréig. Tugann a smuigléir cead do Associated Press an turas a leanúint ar choinníoll nach dtabharfar le fios cé hé féin. Treoraíonn sé na himircigh trí bhóithre cúlraídeacha ar ais go dtí an Ghréig. Trasnaíonn siad an teorainn go mídhleathach go dtí an Mhacadóin agus ansin ar aghaidh do dtí teorainn na Seirbia. Anseo, tógfaidh grúpa eile smuigléirí iad go dtí an Ungáir. Tá an Ungáir rí-thábhachtach mar gur cuid den Aontas Eorpach í. Ón áit seo, is féidir leo dul go dtí tíortha saibhre eile amhail an Ghearmáin agus an Fhrainc gan víosaí a bheith acu.

Is turas achrannach é... ní bhainfidh gach duine ceann scríbe amach.

‘Tá mná ag siúl; tá seanfhir ann agus seanmhná. Tá siad ag siúl. Cad fúmsa? Bhuel, ceart go leor! Táim óg fós, is féidir liom siúl [gáire].’

Tá iarracht á déanamh ag Mireille Djeukam, 34, ó Chamarún, ar feadh bliana amháin anois chun bheith lena fear céile agus a hiníon i bPáras. Is é sin an chúis a dtógann sí a mac Christian, atá 10 mí d’aois, ar an iarann. Trasnaíonn siad droichead guagach agus trasnaíonn siad na mílte de sheanchosáin a bhíodh ag aoirí fadó. Tá sé fíor-achrannach di cur suas leis.

‘Bhí an turas rí-dheacair, ró-dheacair. Dá mbeadh a fhios agam go mbeadh sé chomh deacair sin, ní dhéanfainn é. Ní féidir liom siúl ar an gcaoi seo.’

Go hiondúil, tógann an turas, atá beagnach 200 míle, idir sé agus ocht lá le críochnú ach anois tá sé ag tógáil i bhfad níos mó ama. Tá an grúpa seo níos mó ná mar a bhíonn de ghnáth. Ní fhéadann na mná nó na leanaí bogadh chomh tapa leis na fir agus tá an aimsir tar éis éirí níos measa.

‘An raibh codladh maith agat?’

‘Go dona, a mhac! Fuar!’

Tá siad ag fáil níos tuirsiúla agus an bia ag éirí gann, agus as sin tá méadú ag teacht ar an teannas eatarthu. Tá Charlemagne ag léamh as leabhar lób ón Sean-Tioma... rogha maith! Tá a chuid foighne go léir ag teastáil uaidh nuair a chuireann imirceach as Mailí darb ainm Miriam Tore ina leith gur ghoid sé a mála droma. Séanann Charlemagne gurbh é a ghoid é.

Is faoi choim na hoíche is mó a dhéantar an ghluaiseacht ionas nach bhfeicfear iad ach, cothaíonn sé sin níos mó dainséar. Nuair a threoraíonn an t-iarrród iad go dtí bailte na Macadóine, tá orthu siúl tríothu agus gluaisteáin a sheachaint ar mhótarbhealaí gnóthacha. Ach dá mhéad ar éirigh leo go dtí seo, is í an chuairt ar bhaile Veles a rug amach faoi dheireadh orthu. Gabhtar formhór an ghrúpa agus seoltar ar ais go dtí an Ghréig iad. Éalaíonn trí dhuine dhéag acu agus ní éiríonn ach le 10 díobh siúd an tSeirbia a bhaint amach.

Bhí Mireille Djeukam ró-thraochta le coinneáil uirthi. Fágadh í féin agus a mac ag séipéal. Tá an bheirt acu ar ais arís san Aithin gan aon phleananna ná airgead acu chun triail eile a bhaint as go luath amach anseo.